Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/2095(INI)

3.6.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le Straitéis AE nua i gcoinne na Bochtaineachta a fhorbairt
(2025/2095(INI))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: João Oliveira

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le Straitéis AE nua i gcoinne na Bochtaineachta a fhorbairt
(2025/2095(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a Phlean Gníomhaíochta, ina bhfuil a spriocanna le haghaidh 2030 agus scórchlár sóisialta an Aontais,

– ag féachaint do Dhearbhú Porto an 8 Bealtaine 2021, do na gealltanais athnuaite a tugadh ag Fóram Sóisialta Porto 2023, agus do Dhearbhú La Hulpe an 16 Aibreán 2024,

– ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, a glacadh i Nua Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2015,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, a glacadh i Nua Eabhrac an 20 Samhain 1989,

– ag féachaint do Chúnant na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, a glacadh i Nua-Eabhrac an 16 Nollaig 1966,

– ag féachaint do Chairt Shóisialta na hEorpa, a glacadh in Torino in 1961,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, a glacadh i Nua Eabhrac an 13 Nollaig 2006,

– ag féachaint do Rún ó na Náisiúin Aontaithe an 18 Nollaig 2019 maidir le cearta an linbh,

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí,

– ag féachaint do Mholadh 2013/112/AE ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2013 dar teideal *Investing in children: breaking the cycle of disadvantage* [Infheistíocht i leanaí: timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh],

– ag féachaint do Mholadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le córais ardcháilíochta oideachais agus cúraim luath-óige,

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir le rochtain ar thithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do chách,

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Feabhra 2021 maidir le héagothromaíochtaí a laghdú agus béim ar leith á leagan ar bhochtaineacht lucht oibre,

– ag féachaint do rún uaithi an 29 Aibreán 2021 maidir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí,

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Samhain 2023 maidir le héagothromaíochtaí a laghdú agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn le linn géarchéimeanna do leanaí agus dá dteaghlaigh,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 dar teideal *EU strategy on the rights of the child* [Straitéis an Aontais um chearta an linbh],

– ag féachaint do Mholadh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí,

– ag féachaint do Theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2023 maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte,

– ag féachaint do Theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025],

– ag féachaint do Theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *A Union of Equality: EU Roma strategic framework for equality, inclusion and participation* [Aontas an Chomhionannais: creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach],

– ag féachaint do Theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 dar teideal *A Union of Equality: Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030],

– ag féachaint do Mholadh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach,

– ag féachaint do dhréacht-tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an 17 Meitheamh 2025 maidir le Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta,

– ag féachaint do na tuarascálacha ábhartha ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhfíorbhochtaineacht agus cearta an duine,

– ag féachaint don tuarascáil ón Líonra Eorpach um Fhrithbhochtaineacht (2025) dar teideal *Towards the Eradication of Poverty* [I dTreo Dhíothú na Bochtaineachta],

– ag féachaint don tuarascáil ó ATD Fourth World (2025) dar teideal *Paving the Way towards an EU Anti-Poverty Strategy!*,

– ag féachaint do na tuarascálacha ó Social Platform (2025) dar teideal *EU Anti-Poverty Strategy* agus *A post-2027 Multiannual Financial Framework for Social Europe*,

– ag féachaint don tuarascáil ó Eurochild (2022) dar teideal *(In)visible children – Eurochild 2022 report on children in need across Europe*,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-000/2025),

A. de bhrí gur sárú ar chearta an duine agus ar chearta daoine atá sa bhochtaineacht, agus go dteastaíonn dáileachán rachmais níos cothroime agus beartais lena n-áirithítear cineál dodhealaithe uilíoch na gceart polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha chun an bhochtaineacht a dhíothú;

Straitéis atá dírithe ar dhíothú na bochtaineachta

1. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach Straitéis i gcoinne na Bochtaineachta ('an Straitéis') a chur i láthair ina n-áireofar na cuspóirí ginearálta agus treorlínte seo a leanas:

   a) Aitheantas don bhochtaineacht mar shárú ar chearta an duine agus ar chearta daoine;
   b) An sprioc a leagan síos maidir leis an mbochtaineacht a dhíothú ar bhonn práinne faoi 2035 ar a dhéanaí;
   c) Comhordú cuí idir an tAontas agus na Ballstáit, mar aon leis na réigiúin uile, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, chun an sprioc sin a bhaint amach;
   d) Cur chuige cuimsitheach agus comhtháite i leith beartais agus bearta i gcoinne na bochtaineachta agus an sprioc maidir leis an mbochtaineacht a dhíothú mar chritéar trasearnálach i mbeartais earnálacha;
   e) Rannpháirtíocht daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht maidir le beartais lena ndéantar difear dóibh a shainiú, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu, ar bhealach iomchuí, éifeachtach agus trédhearcach;

Dáileachán rachmais níos cothroime

2. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sprioc na lánfhostaíochta a chur chun feidhme mar threoirlíne le haghaidh beartais eacnamaíocha agus shóisialta;

3. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit beartais a chur chun cinn lena ndéantar cearta oibrithe bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn, agus lena gcuirtear feabhas ar an gcáilíocht poist, lena n-áirítear caidreamh fostaíochta cobhsaí, pá cóir, dálaí oibre cuibhiúla agus sábháilte, agus rochtain ar chosaint shóisialta;

4. á mholadh don Choimisiún agus do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar ionstraim a chruthú chun an bhochtaineacht a chomhrac tríd an gceart chun obair a dhéanamh agus sprioc na lánfhostaíocht a fhíorú ar bhonn uilíoch, arb é is aidhm dó sin go príomha an dífhostaíocht agus an tearcfhostaíocht a chomhrac;

5. ag tathant ar an gCoimisiún tionscnamh a chur i láthair maidir le hioncam íosta leordhóthanach chun cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht ghníomhach san fhostaíocht a áirithiú agus chun rannchuidiú le díothú na bochtaineachta agus, an tráth céanna, urraim a thabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát, do shainiúlachtaí náisiúnta córas cosanta sóisialta agus do phrionsabal na coimhdeachta;

Cineál dodhealaithe uilíoch na gceart polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a áirithiú

6. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an bhochtaineacht a chomhrac trí beartais a chur chun cinn lena n-áirithítear dodhealaitheacht agus uilíocht na gceart polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha;

7. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíocht phoiblí i mbeartais lena ráthaítear seirbhísí poiblí atá uilíoch, saor in aisce agus ar ardcháilíocht a mhéadú go mór, ós rud é gur rannchuidiú iad le timthriall na bochtaineachta a bhriseadh, go háirithe i réimsí amhail oideachas, cúram sláinte, cosaint shóisialta, agus rochtain uilíoch ar thithíocht chuibhiúil, uisce agus sláintíocht, fuinneamh, iompar, agus gníomhaíochtaí cultúrtha agus fóillíochta;

8. ag iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit beartas tithíochta a chur chun cinn lena n-áirithítear rochtain uilíoch ar an gceart sin agus lena n-áirítear breithniú sonrach ar chás na ndaoine gan dídean; ag iarraidh ar an gCoimisiún plean a fhorbairt chun riachtanais tithíochta gach saoránaigh i dtíortha an Aontais a chomhlíonadh – lena n-áirítear cistiú breise sonrach ón Aontas a chruthú ar mhaithe le leathnú agus athchóiriú an stoic tithíochta poiblí;

9. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta éifeachtacha a ghlacadh arb é is aidhm dóibh an prionsabal ‘pá comhionann as obair chomhionann’ a chur chun feidhme, neamhionannais agus idirdhealú ar an láthair oibre a chomhrac, go háirithe neamhionannais a dhéanann difear do mhná;

10. ag iarraidh ar na Ballstáit beartais a fhorbairt chun cearta máithreachais, atharthachta agus tuismitheoirí a neartú, ar beartais iad lena gcuirtear chun cinn cothromaíocht oibre is saoil, lena n-éascaítear filleadh na mban ar an obair tar éis toirchis agus saoire mháithreachais, agus lena n-áirithítear dálaí leormhaithe le haghaidh beathú cíche ar an láthair oibre;

11. ag tathant ar na Ballstáit rochtain uilíoch ar chúram sláinte poiblí máthartha, nuabheirthe agus péidiatraiceach atá inacmhainne agus ar ardcháilíocht a áirithiú;

12. ag iarraidh ar na Ballstáit córais slándála sóisialta phoiblí uilíocha atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht a neartú chun cosaint shóisialta iomlán éifeachtach a áirithiú d’oibrithe agus do phinsinéirí agus chun an bhochtaineacht a chosc;

13. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar fheiniméin cheillte na bochtaineachta, mar a thugtar orthu, chun dul i ngleic le stiogmatú na ndaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht agus le neamhghlacadh sochar sóisialta, agus chun é a chur san áireamh gur grúpaí iad daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, teaghlach aontuismitheora, mionlaigh eitneacha agus imircigh atá níos leochailí i leith na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta;

14. á mholadh do na Ballstáit tacaíocht do theaghlaigh agus do dhaoine atá i gcásanna leochaileacha a mhéadú trí sheirbhísí tacaíochta meabhairshláinte agus síceasóisialta;

An bhochtaineacht a chomhrac trí rannpháirtíocht pholaitiúil dhaonlathach a mhéadú

15. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sásraí atá leormhaith, éifeachtach agus trédhearcach a áirithiú le haghaidh rannpháirtíocht pholaitiúil daoine atá thíos leis an mbochtaineacht sa chinnteoireacht a bhaineann le beartais a dhéanann difear dóibh, i gcur chun feidhme na mbeartas sin agus sa mheastóireacht ar na beartais sin, ar gach leibhéal den chinnteoireacht;

16. á mholadh go reáchtálfaí comhdháil bhliantúil chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise, ar comhdháil í a mbeadh daoine ó raon leathan cúlraí éagsúla ag freastal uirthi, ina measc, daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht;

17. á mheas gur cheart don Choimisiún na hacmhainní a leithdháiltear ar an tacaíocht d'eagraíochtaí sóisialta éagsúla atá rannpháirteach i gcomhrac agus cosc na bochtaineachta a neartú;

Comhordú institiúideach cuí agus acmhainní buiséadacha leordhóthanacha

18. á mheas go mbeidh rath na Straitéise ag brath ar chomhordú cuí i measc leibhéil éagsúla na cinnteoireachta agus na hidirghabhála freisin;

19. á mheas, i ndáil le raon feidhme na bhfreagrachtaí ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal na mBallstát, agus ar an leibhéal réigiúnach chun an sprioc maidir le díothú na bochtaineachta a bhaint amach, gur cheart é sin a shainiú go hiomchuí, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta;

20. ag iarraidh ar an gCoimisiún prionsabal cothrománach a thabhairt isteach sa Straitéis atá dírithe ar bhreithniú a dhéanamh ar thionchair beartas earnálach ar an mbochtaineacht, lena n-áirítear an oibleagáid measúnú tionchair *ex ante* a dhéanamh;

21. á mholadh go mbeadh duine ainmnithe ag an Straitéis a bheidh freagrach ar leibhéal an Choimisiúin Eorpaigh agus go gceapfadh gach Ballstát comhordaitheoir náisiúnta agus go ndéanfaidís plean gníomhaíochta náisiúnta a tharraingt suas, ar plean é ina mbeadh ról ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus eagraíochtaí atá rannpháirteach i gcomhrac agus cosc na bochtaineachta maidir lena chur chun feidhme;

22. á iarraidh go neartófaí an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile (CAI) agus go mbainfí úsáid níos fearr as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) chun beartais lena rannchuidítear le díothú na bochtaineachta a threisiú;

23. á athdhearbhú gur gá cistiú na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí a mhéadú go práinneach, agus buiséad tiomnaithe EUR 20 billiún ar a laghad a thabhairt di; á áitiú gur cheart an buiséad tiomnaithe sin a bheith ina chuid den chéad CAI eile, a chumhdófaí le CSE+.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Sa dréacht-tuarascáil, féachtar ar an mbochtaineacht mar shárú ar chearta an duine agus ar chearta daoine, agus meastar gur cheart urraim iomlán a thabhairt do na cearta sin – cearta polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha – ós rud é gur cearta iad atá uilíoch, dodhealaithe, idirspleách agus idirghaolmhar, agus gur cheart iad a bheith i gcroílár beartas i gcoinne na bochtaineachta.

Is léiriú iad an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta ar an dáileachán éagothrom rachmais, i dtéarmaí ioncaim agus sócmhainní.

I bhfianaise thionscnaimh ilghnéitheacha agus léiriú ilghnéitheach na bochtaineachta, teastaíonn beartais arb é is aidhm dóibh comhtháthú sóisialta a bhaint amach agus a áirithiú nach rachaidh neamhionannais in olcas. Chun gníomhaíocht éifeachtach i gcoinne na bochtaineachta a dhéanamh, teastaíonn cur chuige comhtháite lena dtéitear i ngleic le bunchúiseanna na bochtaineachta ar bhealach cuimsitheach, le beartais nach ndéantar an bhochtaineacht a rangú ná a dheighilt leo, agus le beartais nach bhféachtar uirthi mar fheiniméan sóisialta atá nádúrtha nó dosheachanta leo.

In 2024, bhí 93,3 milliún duine san Aontas (21,0 % den daonra) i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta; ba mhó líon na mban a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ná líon na bhfear a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas(21,9 % i gcomparáid le 20,0 %); laistigh den Aontas Eorpach, bhí tionchar mór ag stádas gairmiúil ar an ráta riosca maidir le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta, mar atá, 10,9 % d'oibrithe agus 66,6 % do dhaoine dífhostaithe; in 2024, bhí 21,9 % de dhaonra an Aontais atá ina gcónaí i dteaghlaigh ina bhfuil leanaí cleithiúnacha i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta;

Tá méadú tagtha ar na rátaí sin i limistéir áirithe san Aontas le blianta beaga anuas: táscairí maidir leis an líon leanaí atá i mbaol bochtaineachta – tháinig méadú ar bhochtaineacht leanaí ó 23,6 % in 2019 go 24,2 % in 2024 – agus tháinig laghdú ar éifeachtacht na cosanta sóisialta i dtaca leis an mbochtaineacht a laghdú le linn na tréimhse 2021-2024 ó 37,1 % go 34,4 %.

An Plean Gníomhaíochta le haghaidh Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh in 2021, leagtar síos an sprioc theoranta maidir le laghdú 15 mhilliún duine a bhaint amach ar an líon daoine atá thíos leis an mbochtaineacht, lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh, faoi 2030. Mura ndéanfaí breithniú ach ar an sprioc sin amháin, d'fhágfadh sé sin go mbeadh thart ar 78 milliún duine, lena n-áirítear 15 mhilliún leanbh, san Aontas Eorpach, fós i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta faoin tráth sin.

I dtuairim an rapóirtéara, tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go mbunódh na Ballstáit agus an tAontas díothú na bochtaineachta mar sprioc pholaitiúil ar mhaithe le dul chun cinn sóisialta, bíodh sin i Straitéis an Aontais i gcoinne na Bochtaineachta agus sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta comhfhreagracha, nó san athbhreithniú ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Measann an rapóirtéir freisin gur cheart aghaidh a thabhairt ar an sprioc sin ar bhealach cuimsitheach i ngach beartas earnálach. Maidir leis na tionchair shonracha a d'fhéadfadh a bheith ag cinntí a dhéanann earnálacha aonair ar an mbochtaineacht, ba cheart iad a chur san áireamh, mar aon leis an ngá atá le comhordú eatarthu. Meastar, dá bhrí sin, go bhfuil sé

tábhachtach anailís *ex ante* ar thionchar beartas earnálach ar an mbochtaineacht a thabhairt isteach.

Deimhnítear le sonraí staidrimh an tionchar nach beag a bhíonn ag an rochtain ar fhostaíocht, pá cóir agus aistrithe sóisialta ar riosca na bochtaineachta a laghdú.

Mar sin féin, is léiriú iad freisin ar an bhfírinne shearbh a mbíonn ar oibrithe atá ag maireachtáil i mbochtaineacht dul i ngleic léi mar thoradh ar phá íseal, éiginnteacht fostaíochta, agus obair neamhleanúnach nó obair pháirtaimseartha.

Thairis sin, léiríonn siad gur mó an difear a dhéanann an bhochtaineacht do mhná mar thoradh ar idirdhealú agus neamhionannais i gcomparáid le fir, amhail deacrachtaí níos mó a bheith acu agus iad ag iarraidh teacht ar fhostaíocht, bearnaí pá, déine oibre níos lú, gairmeacha beatha níos giorra, neamhionannais maidir le luach pinsean agus sochar sóisialta, dáileadh éagothrom cúraim agus cúraimí tí, agus deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar chúram sláinte sonrach.

Measann an rapóirtéir go bhfuil sé fíor-riachtanach go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit, i bhfianais na straitéise, sprioc na lánfhostaíochta a chur chun feidhme mar threoirlíne le haghaidh beartais eacnamaíocha agus shóisialta.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart beartais lena bhfeabhsaítear an cháilíocht poist agus dálaí oibre a chur chun cinn agus tacú leo, ba cheart féachaint ar ionstraim a chruthú chun an bhochtaineacht a chomhrac tríd an gceart chun obair a dhéanamh agus cuspóir na lánfhostaíochta a fhíorú ar bhonn uilíoch, agus ba cheart tionscnamh a chur i láthair ina gcuirtear i bhfeidhm an Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht ghníomhach san fhostaíocht agus lena rannchuidítear le díothú na bochtaineachta.

Chun cosaint shóisialta iomlán éifeachtach a áirithiú d'oibrithe agus chun an bhochtaineacht a chosc, ba cheart do na Ballstáit córais slándála sóisialta phoiblí uilíocha atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht a neartú.

Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit araon bearta éifeachtacha a ghlacadh arb é is aidhm dóibh an prionsabal 'pá comhionann as obair chomhionann' a chur chun feidhme, neamhionannais agus idirdhealú ar an láthair oibre a chomhrac, go háirithe neamhionannais a dhéanann difear do mhná.

Ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar rochtain uilíoch ar chúram sláinte máthartha, nuabheirthe agus péidiatraiceach atá inacmhainne agus ar ardcháilíocht a áirithiú, agus ar bheartais a fhorbairt chun cearta máithreachais, atharthachta agus tuismitheoirí a neartú, cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, filleadh na mban ar an obair tar éis toirchis agus saoire mháithreachais a éascú, agus dálaí leormhaithe le haghaidh beathú cíche ar an láthair oibre a áirithiú.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur grúpaí iad daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, teaghlaigh aontuismitheora, mionlaigh eitneacha agus imircigh atá níos leochailí i leith na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, agus go bhfuil ró-ionadaíocht ag imircigh linbh sa ghrúpa atá i mbaol bochtaineachta, agus gur cheart, dá bhrí sin, an cás sonrach sin a chur san áireamh agus bearta á gceapadh chun freagairt don bhochtaineacht agus

chun í a chosc.

Eascraíonn bochtaineacht leanaí as bochtaineacht teaghlaigh, agus in éagmais freagairt chuimsitheach, buanaítear an bhochtaineacht sin ar fud an tsaolré (san óige ar dtús, ag an obair ansin, agus sa deireadh ag an aois scoir), rud a fhágann gur mór seans go mbeadh bochtaineacht ó ghlúin go glúin ann.

An 14 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle an moladh uaithi lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, arb é is aidhm di a áirithiú go mbeidh rochtain ag leanaí i ngátar ar sheirbhísí fíor-riachtanacha amhail, mar shampla, seirbhísí cúraim leanaí agus oideachais luath-óige saor in aisce, oideachas saor in aisce (lena n-áirítear gníomhaíochtaí forlíontacha a dhéantar i scoileanna agus béile sláintiúil amháin ar a laghad in aghaidh an lae scoile), cúram sláinte saor in aisce, cothú sláintiúil agus tithíocht leormhaith.

I dtuairim an rapóirtéara, ba cheart leithdháileadh buiséid sonrach EUR 20 billiún a bheith ag gabháil leis an rannchuidiú tábhachtach sin leis an gcomhrac i gcoinne bochtaineacht leanaí faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil, méid a sholáthróidh an acmhainn airgeadais chun tacú leis na pleananna gníomhaíochta náisiúnta le haghaidh na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí ó bhuiséad an Aontais.

Ábhar imní eile is ea an gá atá le stiogmatú agus idirdhealú na ndaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht a chomhrac.

Is minic a bhíonn bacainní roimh ghníomhaíochtaí chun an bhochtaineacht a laghdú, amhail dearcthaí polaitiúla stiogmataithe agus idirdhealaithe i leith daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht. Cuirtear ina leith, go héagórach, go dtairbhíonn siad de phribhléidí agus de chearta a shéantar ar shaoránaigh eile, más fíor. Is minic a thagraítear do beartais agus bearta sonracha chun an bhochtaineacht a chomhrac ina gnéithe éagsúla mar chruthúnas, más fíor, ar an bpribhléid sin a dtairbhíonn daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht di.

I gcásanna eile, is as na réitigh i gcoinne na bochtaineachta féin a eascraíonn stiogmatú na ndaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht. Sampla de sin is ea an cleachtas a dhéantar go minic ina mbrúitear daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht isteach in eastáit tithíochta sóisialta, rud a chuireann lena n-eisiamh sóisialta ar an iliomad bealaí, lena n-áirítear i dtéarmaí úsáide talún agus pleanála uirbí.

Ba cheart bearta a áireamh i Straitéis an Aontais i gcoinne na Bochtaineachta chun dul i ngleic le stiogmatú agus idirdhealú na ndaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht agus a áirithiú go ndírítear gníomhaíochtaí i gcoinne na bochtaineachta ar lánpháirtiú sóisialta, chun aghaidh a thabhairt ar fhéiniméin cheillte na bochtaineachta, mar a thugtar orthu, agus neamhghlacadh sochar sóisialta atá ar fáil.

Ba cheart cosc na bochtaineachta a bheith bunaithe ar bheartais a chur chun cinn lena n-áirithítear dodhealaitheacht agus uilíocht na gceart polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha. Soláthraítear leis na beartais sin réitigh struchtúrtha ag a mbíonn tionchar cuimsitheach ar chomhtháthú sóisialta, chun gníomhú in aghaidh stiogmatú agus idirdhealú na ndaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht, agus in aghaidh cineálacha cur chuige iomrallacha amhail coiriúlú na bochtaineachta. Ba cheart na réitigh sin a chomhlánú le bearta tacaíochta láithreacha nó *ad hoc*, i gcás ina bhfuil gá leo chun freagairtí leormhaithe a thabhairt do riachtanais shonracha na ngrúpaí is leochailí.

Sa chomhthéacs sin, tá sé fíor-riachtanach infheistíocht phoiblí i mbeartais lena ráthaítear seirbhísí poiblí atá uilíoch, saor in aisce agus ar ardcháilíocht a áirithiú, ós rud é gur rannchuidiú iad le timthriall na bochtaineachta a bhriseadh, go háirithe i réimsí amhail oideachas, cúram sláinte, seirbhísí sóisialta, uisce agus sláintíocht, agus rochtain uilíoch ar thithíocht chuibhiúil, fuinneamh, iompar, bia, agus gníomhaíochtaí cultúrtha agus fóillíochta;

Ba cheart don Choimisiún tacú leis na Ballstáit beartas tithíochta a chur chun cinn lena n-áirithítear rochtain uilíoch ar an gceart sin, agus breithniú a dhéanamh aige ar bhearta sonracha le haghaidh chás na ndaoine gan dídean; Ba cheart don Choimisiún plean a fhorbairt atá dírithe ar riachtanais tithíochta gach saoránaigh den Aontas a chomhlíonadh – lena n-áirítear cistiú breise sonrach ón Aontas a chruthú ar mhaithe le leathnú agus athchóiriú an stoic tithíochta poiblí.

Measann an rapóirtéir nár cuireadh na deacrachtaí síceolaíocha a eascraíonn as an mbochtaineacht agus as an eisiamh sóisialta san áireamh ar bhealach leormhaith i straitéis mheabhairshláinte an Choimisiúin agus i bpleananna gníomhaíochta náisiúnta. Molann sé, dá bhrí sin, go gcuirfeadh na Ballstáit bearta sonracha chun feidhme sa réimse sin.

Ar bhonn na tuisceana gur sárú ar chearta an duine atá sa bhochtaineacht, tá sé fíor-riachtanach go gcruthófaí sásraí chun rannpháirtíocht na ndaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht i sainiú agus cur chun feidhme na mbeartas lena ndéantar difear dóibh, agus sa mheastóireacht ar na beartais sin, a chumasú. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag cruthú na sásraí sin rannpháirtíocht dhaonlathach a mhéadú, daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht a chumhachtú agus a shaoradh, agus torthaí níos éifeachtaí agus níos cothroime a bhaint amach ó na beartais sin.

Measann an rapóirtéir freisin go mbeidh rath na Straitéise ag brath ar chomhordú cuí i measc leibhéil éagsúla na cinnteoireachta agus na hidirghabhála. I ndáil le raon feidhme na bhfreagrachtaí ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal na mBallstát, agus ar an leibhéal réigiúnach chun an sprioc maidir le díothú na bochtaineachta a bhaint amach, ba cheart, dá bhrí sin, é sin a shainiú go soiléir agus go leormhaith, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

Molann an rapóirtéir go mbunófaí comhdháil bhliantúil chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise, ar comhdháil í a mbeadh daoine ó raon leathan cúlraí éagsúla ag freastal uirthi, ina measc, daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht.

Ar bhonn na taithí dearfaí a fuarthas leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, moltar go mbeadh duine ainmnithe ag an Straitéis a bheidh freagrach ar leibhéal an Choimisiúin Eorpaigh agus go gceapfadh gach Ballstát comhordaitheoir náisiúnta agus go ndéanfaidís plean gníomhaíochta náisiúnta a tharraingt suas, ar plean é ina mbeadh ról ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus eagraíochtaí atá rannpháirteach i gcomhrac agus cosc na bochtaineachta maidir lena chur chun feidhme.

Maidir le heagraíochtaí sóisialta de chineálacha éagsúla atá rannpháirteach i gcomhrac agus cosc na bochtaineachta, go háirithe trí thacaíocht dhíreach do dhaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht, ba cheart gníomhaíocht na n-eagraíochtaí sin a aithint agus tacú léi i Straitéis an Aontais i gcoinne na Bochtaineachta.

Ní mór ról tábhachtach a bheith ag an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile maidir le beartais agus tacaíocht shóisialta lena rannchuidítear le díothú na bochtaineachta a neartú, trí

CSE+, CFRE, FEAD agus AMIF a threisiú go mór agus úsáid níos fearr a bhaint astu.